Forleathnúchán Mata 1:

DEARADH DROICHID

MATA: Snáithí agus Aonaid Snátha

Uimhir: *Ionadluach (ordú), oibriúcháin*

Cruth agus Spás: *Cruthanna 2T, cruthanna 3T, Línte agus Uillinneacha*

Toisí: *Fad, Achar, Meáchan*

Sonraí: *Táblaí agus Cairteacha simplí a chur in iúl agus a léirmhíniú*

1) Línte, Cruthanna agus Uillinneacha

(a) Breathnaigh ar na pictiúir seo de dhroichid agus feic cad iad na cruthanna is féidir leat a fheiceáil iontu:



DROICHEAD TRUS

DROICHEAD STUA

DROICHEAD CROCHTA



DROICHEAD BÍOMA

(b) Tarraing sceitseanna de chuid de na droichid agus dathaigh aon línte comhthreomhara.

(c) An féidir leat línte cothrománacha a mharcáil i ndath amháin, agus línte ingearacha i ndath eile?

(d) An féidir leat aon ghéaruillinneacha a mharcáil? Dronuilllineacha?

(e) An féidir leat líníocht a dhéanamh de dhroichead i do cheantar féin? Cad iad na cruthanna atá ann? An bhfuil sé cosúil le haon droichead sna pictiúir seo?

2) Meá agus Taifeadadh

Cén meáchan atá na droichid éagsúla a rinne tú le páipéar a iompar?
(Tig leis seo a bheith in aonaid chaighdeánacha m.sh. graim nó in aonaid neamhchaighdeánacha m.sh. boinn airgid)

Déan cairt chun na cineálacha éagsúla droichead a thaifeadadh, agus na meáchain is féidir leo a iompar.
(Tig leat boinn, mirlíní, nó 'feithiclí' oiriúnacha eile a úsáid - i gcartán iógairt b'fhéidir).

Tá an chuid eile de na cleachtaí faoi 4 dhroichead cáiliúla:

Droichead an Gheata Óid
Droichead Chuan Sydney
Droichead na Normáine
Droichead Brooklyn

An féidir leat a fháil amach cén tír ina bhfuil gach ceann acu?

Forleathnúchán Mata 1:

DEARADH DROICHID

Tá sonraí faoi na droichid anseo thíos:

Droichead an Gheata Órga

Ionad: San Francisco.
Dáta Críochnaithe: Bealtaine 27, 1937
Airde: 229 méadar
Fad: 2743 méadar
Leithead: 27 méadar

Droichead Chuan Sydney

Ionad: Sydney
Dáta Críochnaithe: 19 Márta 1932
Airde: 134 méadar
Fad: 1149 méadar
Leithead: 49 méadar

Le Pont De Normandie

Ionad: Le Havre
Dáta Críochnaithe: 1997
Airde: 134 méadar
Fad: 853 méadar
Leithead: 24 méadar

Brooklyn Bridge

Ionad: ceanglaíonn Manhattan le Brooklyn
Dáta Críochnaithe: 1883
Airde: 83 méadar
Fad: 1834 méadar
Leithead: 26 méadar

3) Ord

Cuir na droichid in ord i liosta ag tosú leis an gceann is giorra: úsáid an siombal < .
Cuir na droichid in ord i liosta ag tosú leis an gceann is leithne: úsáid an siombal > .

Forleathnúchán Mata 1:

DEARADH DROICHID

4) Dealú

Osclaíodh Droichead an Gheata Óir i San Francisco sa bhliain 1937. **Déan meastachán** – cé mhéid bliain atá sé ar oscailt. **Ríomh** - cé mhéid blianta go díreach atá sé ar oscailt.

5) Achar – Déan meastachán agus ríomh

Cuir fad agus leithead gach ceann den 4 dhroichead thuas i gcairt:

AINM AN DROICHID	FAD AN DROICHID	LEITHEAD AN DROICHID	ACHAR AN DROICHID (MEASTACHÁN)	ACHAR AN DROICHID (RÍOFA)

Anois déan meastachán agus ríomh ar achar gach droichid. (Déan cinnte go gcuireann tú na haonaid chearta tar éis do ríomh). (Achar = Fad X Leithead)

Má tá aithne agat ar aon droichead mór in Éirinn (m.sh. Droichead na Bóinne, Droichead Luas Theach Naithí) cuir isteach é, i sraith eile, agus féach an féidir leat a fhad agus a leithead a fháil amach chomh maith.

6) Cóimheas agus Líniú de réir Scála

Is comparáid é cóimheas nó comhréir idir dhá chainníocht. Is féidir an-chuid úsáide a bhaint as comhréir sa ghnáthshaol. Tá líniú de réir scála nó samhlacha de réir scála ar cheann acu.

An bhfuil tú in ann Droichead Chuan Sydney a líniú de réir scála, chun go mbeidh sé oiriúnach do do chóipleabhar? (Tugtar dhá scála samplach thíos).

Cad é an ceann is oiriúnaí do do chóipleabhar?

Ainm an Droichid	Fad iarbhír Réise an Stua Actual	Airde Iarbhír (barr an stua os cionn leibhéal na farraige)	SCÁLA	Fad an Droichid i do Líníocht de réir Scála	Airde an Droicid (barr an stua os cionn leibhéal na farraige) sa Líníocht de réir Scála
Droichead Chuan Sydney	503 méadar	134 méadar	100 m to 1 cm (Cóimheas 10,000:1)	5 cms (roinn 503 ar 100)	1.3 cms (roinn 134 ar 100)
			50 m to 1 cm (Cóimheas 5,000:1)	10 cms (roinn 503 ar 100	2.6. cms (roinn 134 ar 50)

An féidir leat fad agus leithead droichead eile a fháil, i do cheantar féin b'fhéidir, agus é a líniú de réir scála?